Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10806 – BROADCOM / VMWARE)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 442/07)

1. An 15 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Broadcom, Inc. ("Broadcom", na Stáit Aontaithe),

— VMware, Inc. ("VMware", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Broadcom rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar VMware ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta teicneolaíochta a dhearann, a mhonaraíonn agus a sholáthraíonn réimse leathan leathsheoltóirí agus réiteach bogearraí bonneagair é Broadcom.

— Tá VMware gníomhach i mbogearraí TF lena n-áirítear fíorúlú agus teicneolaíochtaí gaolmhara um bhainistiú an ualaigh oibre le haghaidh lárionaid sonraí agus timpeallachtaí néalríomhaireachta, forbairt feidhmchlár, agus bainistiú críochphointí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10806 – BROADCOM / VMWARE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").